Irish
Junior Certificate
Higher Level

Past Exam Questions on
Short Passage Comprehension

QA Section 3 2009 Paper 2

A **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as *Lá Nua*) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Gaiscí Reatha

D'éirigh le Risteard Ó Donnabháin, an reathaí maratóin as Gaillimh, a sprioc a bhaint amach le déanaí. Bhailigh sé 50,000 euro don charthanas, Leanaí Chernobyl. Rith Risteard ó Charn Uí Néid i gCorcaigh go Cionn Mhálanna i dtuaisceart Dhún na nGall.

Rinne sé an turas seo i gcúig lá go leith. Le linn an ráis, thrasnaigh Risteard ceithre chúige na hÉireann agus aon chontae dhéag. Chlúdaigh sé 365 míle ar fad. I mí Iúil na bliana 2005, rith sé sa treo eile ó Chionn Mhálanna go Carn Uí Néid.

Ní inniu ná inné a thosaigh Risteard Ó Donnabháin amach ar na gaiscí reatha. I mí Eanáir na bliana 2002, bhuaigh sé an chéad mharatón a ritheadh ag an bPol Theas. I mí Aibreáin na bliana céanna, bhuaigh sé an chéad mharatón a ritheadh ag an bPol Thuaidh. Ní beag sin mar ghaisce!



Risteard i mbun reatha in 2005

(i) (a) Cén sprioc a bhain Risteard Ó Donnabháin amach le déanaí?
(b) Cé mhéad contae ar fad a thrasnaigh Risteard le linn an ráis ó Charn Uí Néid go Cionn Mhálanna?

(ii) Luaigh na gaiscí reatha a rinne Risteard Ó Donnabháin lasmuigh den tír seo.

QC Section 3 2009 Paper 2

C **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as *Lá Nua*) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Is é lá na gaoithe lá na dtúr in Dubai

Tógfar an chéad fhoirgneamh rothlach in Dubai roimh dheireadh na bliana 2010. Túr ochtó urlár ar airde a bheidh ann. Is é David Fisher as Nua-Eabhrac an t-ailtire. Ní nach ionadh tá sé breá sásta lena chuid oibre. 'Éacht tógála é, gan amhras,' dar leis. 'Seo an chéad fhoirgneamh ar domhan a chasfaidh 360 céim timpeall agus a dtiocfaidh athrú iomlán ar a chruth,' a deir sé.

Is í cumhacht na gaoithe a chasfaidh na hurláir. Beidh gineadóir gaoithe ag soláthar na cumhachta ar gach urlár. Ní dhéanfaidh an foirgneamh seo aon damáiste don timpeallacht. Cuirfidh an ghaoth an fuinneamh ar fáil agus an fuinneamh nach mbeidh ag teastáil, stórálfar sa ghréasán náisiúnta é. Tá pleananna ar bun foirgneamh ar an dóigh chéanna a thógáil i Moscó amach anseo.

Túr ag siorathrú

(i) Luaigh **dhá chúis** a bhfuil an t-ailtire, David Fisher, breá sásta lena chuid oibre.

(ii) Breac síos **dhá bhuntáiste** a bhaineann leis an fhoirgneamh seo in Dubai.

QA Section 3 2008 Paper 2

A **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as **Breacadh**) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Gwyneth Paltrow

Is breá le Gwyneth Paltrow poiblíocht. Nuair a rugadh iníon di in 2004 thug sí Apple mar ainm uirthi agus ní nach ionadh bhí an scéal ar fud na meán cumarsáide. Bhí Gwyneth breá sásta léi féin.

Ní rófhada ina dhiaidh sin go raibh sí i mbéal an phobail arís. An teach a bhí aici i Nua-Eabhrac, bhí sé le díol. Ach éist leis seo mar chleas poiblíochta! Ní raibh cead ag aon duine an teach a fheiceáil go dtí gur shínigh sé/sí conradh. Ansin ní raibh cead ag aon duine labhairt leis na meáin chumarsáide faoin teach ná pictiúir a thógáil de.

Tá an teach suite in Greenwich Village in Manhattan. Tá ceithre urlár ann, ceithre sheomra, cistin agus dhá ghairdín. Bhí $7.85 milliún á lorg aici ar an teach agus deirtear go bhfuair sí an méid sin air, agus cúpla dollar sa bhreis. Dhíol Paltrow an teach in Greenwich Village toisc go gcaitheann sí formhór a cuid ama i Londain na laethanta seo.

(i) Luaigh **dhá** chúis a raibh Gwyneth breá sásta léi féin. **(Alt 1)**

(ii) Breac síos **dhá** phointe eolais i dtaobh leagan amach an tí?

QB Section 3 2008 Paper 2

B **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as bróisiúr) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Cruinniú na nÓg

Eagraítear **Cruinniú na nÓg** i mí na Samhna, de ghnáth. I rith an deireadh seachtaine bíonn deis ag baill *Feachtas* bualadh le baill as scoileanna agus as gasraí eile. Cuirtear traenáil chinnireachta ar fáil mar aon le himeachtaí sóisialta agus eachtraíochta le linn an deireadh seachtaine seo.

Chomh maith leis sin pléitear clár agus aidhmeanna *Feachtas* i bhfóraim oscailte. Cuirtear fáilte roimh thuairimí agus mholtaí nua a chabhraíonn le forbairt an óg-eagrais agus a choinníonn i dtiúin le meon an aosa óig é.

Más maith leat freastal ar **'Cruinniú na nÓg'**, is féidir foirmeacha iarratais a lorg ó oifigí *Feachtas* nó ón suíomh gréasáin ag www.feachtas.ie. Bíonn éileamh mór ar na ticéid. Dá bhrí sin tugtar tús áite do bhaill de ghasraí *Feachtas* nó d'aon dalta a fhreastalaíonn ar aon cheann de na himeachtaí a eagraíonn *Feachtas* i rith na bliana.

Cruinniú na nÓg – Fóram Oscailte

(i) Luaigh **dhá** shaghas imeachta a bhíonn ar siúl ag **Cruinniú na nÓg**.

(ii) Cathain a eagraítear **Cruinniú na nÓg** agus conas is féidir ticéid a fháil?

QC Section 3 2008 Paper 2

C **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Orpheus na nDéise

Súil Eile an mana atá ag TG4. Is feiliúnach an mana é don saghas clár a bhíonn le feiceáil ar an stáisiún sin go minic. Is iomaí seoid atá feicthe againn ar TG4 le blianta beaga anuas. Is cláir iad seo a mhairfidh sna cartlanna nuair a bheidh dearmad déanta ar na sobalchláir agus ar an 'teilifís réalaíoch'.

Clár den ardchaighdeán seo ba ea **Orpheus na nDéise**. Rinneadh cur síos sa chlár ar an amhránaí sean-nóis, Nioclás Tóibín. Rugadh Nioclás i mBaile na nGall sa Rinn i gCo. Phort Láirge agus ba ann a chaith sé a shaol. Tá clú agus cáil ar Nioclás ar fud na tíre.

Má bhí glór binn ag aon amhránaí riamh bhí sé ag Nioclás Tóibín. Thug an clár teilifíse léargas maith dúinn ar an Tóibíneach mar amhránaí agus mar fhear. Cé gur thug sé amhráin ó cheantair eile leis i nGaeilge agus i mBéarla, is le traidisiún agus dúchas na Rinne a chaith sé dílseacht agus dúthracht a chuid tallainne.

(i) Luaigh **dhá** phointe eolais as Alt 1 a léiríonn go bhfuil meas ag an údar ar TG4.

(ii) Cén fáth a bhfuil clú agus cáil ar Nioclás Tóibín ? (Is leor **dhá** chúis.)

QA Section 3 2007 Paper 2

A **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Ceachtanna Tiomána

An aithníonn tú an fear óg rua sa ghrianghraf? Rupert Grint is ainm dó. Is dócha gur thug tusa Ron Weasley air mar bhain sé cáil amach sa ról sin sna scannáin atá bunaithe ar eachtraí Harry Potter.

Rugadh Rupert sa bhliain 1988 ar an 24 Lúnasa in Hertfordshire, Sasana. Nigel is ainm dá athair agus Jo is ainm dá mháthair. Tá deartháir amháin aige, James, agus triúr deirfiúracha, Georgina, Samantha agus Charlotte. Is iomaí gradam atá gnóthaithe aige ó ghlac sé páirt ina chéad scannán, *Harry Potter and the Sorcerer's Stone* (2001), ach níl a chloigeann ata dá bharr. Buaileann sé lena sheanchairde go rialta ach admhaíonn sé go mbíonn fadhbanna beaga aige má aithnítear amuigh ar na sráideanna é. Is fearr rith maith ná drochsheasamh sna cásanna sin go háirithe más scata cailíní screadacha atá i gceist.

Ar ndóigh tá Rupert gnóthach agus é ag obair ar na scannáin atá fágtha sa tsraith faoi Harry Potter. Chomh maith leis sin bhí páirt mhór aige in éineacht le Julie Watters agus Laura Linney sa scannán *Driving Lessons* a bhí sna pictiúrlanna anuraidh. Seasfaidh na ceachtanna tiomána leis amach anseo mar tá féith na haisteoireachta go smior i Rupert agus tá an tallann sin ag bláthú ann an t-am ar fad.

Rupert Rua

(i) (a) Conas a bhain Rupert Grint cáil amach i dtosach?
(b) Cén scannán leis a bhí sna pictiúrlanna anuraidh?

(ii) Cén fhianaise atá sa sliocht go bhfuil meas mór ag an údar ar Rupert Grint? Luaigh **dhá rud**.

QB Section 3 2007 Paper 2

B **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as www.tg4.ie – Gné Ailt) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Súil Eile Ag Wimbledon

Beidh leadóg Wimbledon le feiceáil ar TG4 arís i mbliana. Cuirfidh an stáisiún tús le craobhacha 2007 Dé Luain agus imreofar na cluichí ceannais Dé Domhnaigh 8 Iúil. Craolfaidh TG4 na cluichí móra beo agus beidh tuairiscí rialta ar fáil ar an dul chun cinn i gcluichí eile. Beidh iomlán na himeartha ar fáil ar shuíomh idirlín TG4 freisin, ag www.tg4.ie. Is iad Aoife Ní Thuairisg, Brian Tyers agus Mac Dara Mac Donnacha a bheidh i mbun na tráchtaireachta.

Dúirt Eagraí Spóirt TG4, Rónán Ó Coisdealbha, gurbh ábhar ríméid do TG4 an stáisiún a bheith luaite arís le ceann d'imeachtaí móra spóirt an domhain. "Is ócáid í seo a bhfuil gean ar leith ag pobal na hÉireann uirthi, idir óg is aosta, mhná, fhir is pháistí, rud ba léir dúinn ó na teachtaireachtaí a fuaireamar ón bpobal féachana anuraidh," a dúirt Rónán.

Aoife Ní Thuairisg – Tráchtaire

Súil Eile

(i) Breac síos **dhá phointe** eolais faoin mbaint a bheidh ag TG4 le Comórtas Leadóige Wimbledon i mbliana.

(ii) Luaigh **dhá rud** a chuir ríméad ar Rónán Ó Coisdealbha.

QC Section 3 2007 Paper 2

C **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as www.toryfilmfestival.com) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Féile Thoraí

Beidh Féile Scannán Thoraí ag tosú seachtain ón lá inniu agus mairfidh sí cúig lá. Seo an dara bliain don fhéile seo a bheith ar siúl istigh i dToraigh, Co. Dhún na nGall, agus is é *Laochra Loingseoireachta* téama na bliana seo.

Ocht scannán a taispeánadh anuraidh agus cúig cinn is tríocha a bheidh le feiceáil i mbliana. Beidh an taiscéalaí mara, Tim Severin, ar ais mar aoi speisialta. Le cois na scannán, beidh ceardlanna agus ócáidí ceoil ar siúl.

Beidh bus ar fáil, saor in aisce, ó Leitir Ceanainn agus ó aerfort Charraig Fhinne go cé Mhachaire Rabhartaigh do dhuine ar bith atá ag iarraidh freastal ar an fhéile.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó
www.toryfilmfestival.com

Toraigh

(i) (a) Cén téama a bheidh ag an fhéile scannán?
(b) Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair?

(ii) Breac síos **dhá rud** a léiríonn go bhfuil ag éirí go maith leis an fhéile seo.